



Central Statistics Office An Phríomh-Oifig Staidrimh

Press Statement Preas Ráiteas

Daonáireamh 2006 – Imleabhar 3 – Comhdhéanamh an Teaghlaigh, Aonaid Chlainne agus Torthúlacht

An Teaghlach Clainne Traidisiúnta ag meath

Níos lú ná teaghlach amháin i ngach cúig theaghlach anois i mBaile Átha Cliath atá ina chlann traidisiúnta le fear céile, bean chéile agus leanaí, de réir tuairisce nua ón bPríomh-Oifig Staidrimh inniu.

Tá an t-eolas seo ar fáil i n*Daonáireamh 2006 Imleabhar 3 – Comhdhéanamh an Teaghlaigh, Aonaid Chlainne agus Torthúlacht* a thugann tuilleadh mionthorthaí maidir leis an Daonáireamh a tógadh ar an 23 Aibreán 2006. Tugann an tuairisc na figiúirí deireanacha maidir le comhdhéanamh an teaghlaigh agus aonaid chlainne rangaithe de réir aoise, gnéis agus na ranna tíre sonraithe sa tír. (*Féach nóta an eagarthóra*).

Insíonn an tuairisc seo go raibh 477,705 teaghlaigh ina raibh clann traidisiúnta iontu sa Stát sa bhliain 2006, méadú de 3.3% amháin ón mbliain 2002. Thit líon na dteaghlach traidisiúnta seo sna príomhchathracha ar fad idir 2002 agus 2006.

Bhí na céatadáin ba mhó de theaghlaigh le clann traidisiúnta sa Mhí (39.5%) agus i gCill Dara (38.3%). Maidir leis an gcúig chathair is iad seo a leanas na céatadáin chuí – Baile Átha Cliath (19.4%), Gaillimh (21.5%), Luimneach (22.2%), Corcaigh (24.2%) agus Port Láirge (25.3%) – iad ar fad le líon a bhí i bhfad níos lú ná an meán don Stát (32.5%).

Líon na dteaghlach le duine amháin iontu ag méadú

Léiríonn an tuairisc freisin gur lean an t-ardú i líon na dteaghlach le duine amháin iontu - suas 51,877 nó 18.7% ón mbliain 2002. B'iad na teaghlaigh le duine amháin iontu, sin 22.4% de na teaghlaigh ar fad sa Stát sa bhliain 2006, an cineál teaghlaigh ba choitianta i ngach ceann den chúig chathair.

Daoine singil (nár phós ariamh) a bhí i mbeagnach 56% de na teaghlaigh ar fad le duine amháin iontu, baintreacha a bhí i 26.7% eile; daoine scartha (colscartha san áireamh) i 14.4% agus 3% a chuir síos ar a stádas pósta mar phósta.

Daoine a bhí 65 bliana d'aois agus níos sine a bhí i 36.8% de na teaghlaigh le duine amháin iontu sa bhliain 2006 – síos ó 41.0% sa bhliain 2002.

Titim leanúnach i meánmhéid an teaghlaigh

Tá meán líon na ndaoine i ngach teaghlach príobháideach ag titim i gcónaí agus faoi láthair is 2.8 atá i gceist, i gcomparáid le 2.94 ceithre bliana ó shoin. Tá na teaghlaigh is lú le fáil i gcónaí sna cathracha leis an bhfigiúr is lú, 2.5, i mBaile Átha Cliath.

Tuilleadh /...

Information Section
Central Statistics Office, Skehard Road, Cork

Tel 021 453 5000 Fax 021 453 5555
01 498 4000 Website <http://www.cso.ie>
LoCall 1890 313 414 Email info@cso.ie

Roinn Eolas
An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

Teil 021 453 5000 Faics 021 453 5555
01 498 4000 An Domhan <http://www.cso.ie>
GlaoÁitúil 1890 313 414 Ríomhphost info@cso.ie

San iomlán, mhéadaigh líon iomlán na dteaghlach príobháideach ó 1.288 milliún sa bhliain 2002 go 1.469 milliún sa bhliain 2006 – sin méadú de 181,500 nó 14.1%. D'fhás an daonra 8.2% sa thréimhse chéanna sin.

Lánúineacha in aon tíos an cineál clainne is tapaidh fáis

Sa bhliain 2006 bhí 121,800 lánúin nach raibh pósta ina gcónaí in aon tíos suas ó 77,600 sa bhliain 2002 – an cineál aonaid chlainne ba thapaidh fáis ar fad.

Lánúineacha in aon tíos a bhí i 11.6% de na haonaid chlainne ar fad sa bhliain 2006 i gcomparáid le 8.4% sa bhliain 2002. Ní raibh aon leanaí ag beagnach dhá thrian de na lánúineacha seo.

Léiríonn *Daonáireamh 2006 Imleabhar 3 – Comhdhéanamh an Teaghlaigh, Aonaid Chlainne agus torthúlacht* freisin go raibh 19,830 teaghlaigh le dhá aonad clainne nó níos mó iontu ann sa bhliain 2006. Chuidigh ceist nua maidir le gaolta teaghlaigh i ndaonáireamh 2006 leis na teaghlaigh le níos mó ná aonad amháin clainne a aimsiú ar bhealach níos cruinne.

Níos lú leanaí fásta ina gcónaí in éineacht lena dtuismitheoirí

San iomlán d'fhás líon na “leanaí” ina gcónaí le duine nó beirt dá dtuismitheoirí faoi 1.1% ó 1,470,800 sa bhliain 2002 go 1,486,431 sa bhliain 2006. Ach, i ndáiríre thit líon na “leanaí” ina bhfichidí a bhí ina gcónaí lena dtuismitheoirí ó 304,353 go 280,065 sa thréimhse chéanna, agus thit líon na “leanaí” ina dtríochaidí a bhí fós ina gcónaí sa bhaile freisin ó 70,707 go 65,693. Is fir iad i gcónaí dhá-thrian de na daoine ina dtríochaidí atá fós ina gcónaí lena dtuismitheoirí.

Nóta an Eagarthóra

Tá achoimre ag leibhéal Stáit de na sonraí ó Imleabhair 1-6, 9 agus 13 de na tuairiscí sonraithe daonáirimh atá le foilsiú sna míonna amach romhainn (féach suíomh idirlín na POS do na dátaí foilseacháin) ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2006 – Príomhthorthaí Déimeagrafacha*, a foilsíodh ar an 29 Márta 2007. Tá figiúirí sonraithe maidir le comhdhéanamh an teaghlaigh, aonaid chlainne agus torthúlacht ag leibhéal geografach níos sonraithe ar fáil san fhoilseachán atá á fhoilsiú inniu, Imleabhar 3.

Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg Eolais, Bóthar na Sceithe Airde, Corcaigh (021) 453 5011

nó

Oifig Díolta Foilseacháin an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoslódáil freisin ó shuíomh idirlín na POS (féach seoladh thíos).

Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:

Shaun McLaughlin ag 01-895 1474 nó Deirdre Cullen ag 01-895 1334.

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Sord, Bóthar Balheary, Sord, Co. Átha Cliath.

Fiosrúcháin an Daonáirimh (01) 895 1460/61/63/66

Facs: (01) 895 1399

Ríomh-phost: census@cso.ie

Idirlíon: www.cso.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

10 Bealtaine 2007